II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2020/1695 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Samhain 2020

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle an 23 Márta 2012 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 961/2010 ([1]), agus go háirithe Airteagal 46(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Márta 2012, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 267/2012.

(2) An 18 Meitheamh 2020, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2020/847 ([2]).

(3) Ag eascairt as breithiúnas na Cúirte Ginearálta i gCás T-490/18 ([3]), ba cheart Neda Industrial Group a bhaint de liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh.267/2012.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Samhain 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

([1]) IO L 88, 24.3.2012, lch. 1.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/847 ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine (IO L 196, 19.6.2020, lch. 1.).
([3]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 8 Iúil 2020, *Neda Industrial Group v Comhairle an Aontais Eorpaigh*, T-490/18, ECLI:EU:T:2020:318.

IARSCRÍBHINN

I Rialachán (AE) Uimh. 267/2012, Iarscríbhinn IX, cuid I, roinn B (Eintitis), scriostar an iontráil seo a leanas:

“47. Neda Industrial Group”.